LEASÚ AR AN LÁMHLEABHAR IDIRTHURAIS – EARRAÍ A IOMPRAÍTEAR LE SUITEÁIL SEASTA IOMPAIR

Ba cheart an roinn nua seo a leanas 'VI.3.11 Earraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair' a chur isteach i

gCuid VI – Simplithe

VI.3 Tuairisc ar na simplithe

VI.3.11 Earraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair

VI.3.11.1 Earraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair

Airteagal 321 IA CCA
Airteagal 53, Foscríbhinn I, CTC

Baineann an simpliú seo le hearraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair agus níl sé faoi réir údaraithe. Measfar na hearraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair a bheith curtha faoi nós imeachta idirthurais an Aontais/nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach nuair a bheidh siad ag teacht isteach sa chríoch chustaim nó nuair a chuirfear isteach sa tsuiteáil seasta iompair iad sa chríoch sin.

Measfar go bhfuil deireadh tagtha leis an nós imeachta idirthurais sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a dhéanfar an iontráil chuí i dtaifid tráchtála an choinsíní, nó
(b) nuair a dhéanfaidh oibreoir na suiteála seasta iompair a dheimhniú maidir leis na hearraí a iompaítear ag suiteáil iompair seasta:
    (i) go bhfuil siad tagtha go dtí planda an choinsíní;
    (ii) agus go nglactar leo isteach i ngréasán dáileacháin an choinsíní; nó
    (iii) go bhfuil siad imithe ó chríoch chustaim an Aontais nó tír chomhchoiteann idirthurais.

Is é sealbhóir an nós imeachta idirthurais oibreoir na suiteála seasta iompair atá bunaithe sa Bhallstát nó i dtír chomhchoiteann idirthurais trína dtagann na hearraí isteach sa chríoch chustaim nó ina gcuirtear tús leis an ngluaiseacht. Comhlíonann oibreoir na suiteála seasta iompair ról an iompróra freisin.

Comhaontóidh sealbhóir an nós imeachta agus an t-údarás custaim na modhanna maoirseachta custaim i ndáil leis na hearraí a iompraítear.

Airteagal 79 CCA
Airteagal 113, Foscríbhinn I, CTC

I gcás ina bhfuil níos ná oibreoir suiteála iompair seasta amháin i gceist leis an ngluaiseacht, féadfaidh gach oibreoir a bheith faoi dhliteanas. Mar sin féin, is é an chéad oibreoir a bheidh fós ina

shealbhóir ar an nós imeachta, áfach.

Déantar líon na n-earraí a thugtar isteach agus a thugtar amach trí shuiteálacha iompair seasta a thomhas agus a rialú ar leibhéal na tíre. I gcás ina n-aistrítear earraí ó thír amháin go tír eile, ba cheart d'údaráis chustaim a chur in iúl dá chéile cad iad na méideanna faoi bhealach, T1 agus T2, agus, más gá, na méideanna atá i saorchúrsaíocht.

Moil trádála fhíorúla (san Aontas Eorpach)

Is éard is pointe trádála fíorúil (PTF) ann mol neamhfhisiciúil chun trádáil a dhéanamh i margaí gáis nádúrtha. Léiríonn sé gach pointe iontrála agus fágála sa limistéar margaidh sin. Is féidir le PTF dearbhú a thaisceadh maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta i leith earraí atá stóráilte go fisiciúil i mBallstát seachas an Ballstát ina dtaisctear an dearbhú; mar sin féin, ní féidir an t-éascú sin a dhéanamh ach amháin le himréiteach láraithe agus tá gá le húdarú imréitigh láraithe. Ciallaíonn sé sin gur gá faisnéis a mhalartú roimh ré idir an oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht (an t-údarás custaim a dhéanann faireachán ar an PTF maidir le coinsíneachtaí áirithe) agus an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí (an oifig chustaim atá freagrach as an áit inar lonnaíodh nó inar dáileadh na hearraí).

Airteagal 54, Foscríbhinn I, CTC

Chinn na tíortha comhchoiteanna idirthurais seo a leanas gan an nós imeachta seo a chur i bhfeidhm agus chuir siad a gcinneadh in iúl don Choimisiún: An Eilvéis, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua agus an tSeirbia.